Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**14854/24**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0268(NLE)**

**AGRI 761**
**RELEX 1328**
**FORETS 242**
**DEVGEN 157**
**ENV 1036**
**PROBA 38**
**SUSTDEV 112**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 485 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste Faireacháin agus Athbhreithnithe faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine maidir le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste Faireacháin agus Athbhreithnithe a bhunú agus na nósanna imeachta oibre um eadráin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 485 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 485 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.10.2024
COM(2024) 485 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an Togra le haghaidh*

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste Faireacháin agus Athbhreithnithe faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine maidir le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste Faireacháin agus Athbhreithnithe a bhunú agus na nósanna imeachta oibre um eadráin**

**CINNEADH Uimh. ………..**

**ó CFAA maidir le glacadh Rialacha Nós Imeachta CFAA dá dtagraítear in Airteagal 20 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ghuáin**

TÁ CFAA,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ghuáin, a síníodh in Montréal, Ceanada, an 15 Nollaig 2022, agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2023, agus go háirithe Airteagal 20(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Glacfaidh CFAA a Rialacha Nós Imeachta féin agus forghníomhóidh sé a fheidhmeanna mar a thugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn X a ghabhann leis an gComhaontú.
2. De bhun Airteagal 20(2) den Chomhaontú, tá na Rialacha Nós Imeachta le glacadh de chomhthoil na bPáirtithe.
3. Beidh na Rialacha Nós Imeachta ina gceangal ar na Páirtithe.

TÁ CFAA TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

1. Bunaítear Rialacha Nós Imeachta CFAA mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.
2. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an ….

   Arna dhéanamh i/in/sa/san…

# IARSCRÍBHINN

## RIALACHA NÓS IMEACHTA CFA

### *Airteagal 1*

### Ionadaíocht na bPáirtithe

1. Beidh CFAA comhdhéanta d'ionadaithe na bPáirtithe ar leibhéal Aireachta agus/nó na n-oifigeach sinsearach.
2. Is é Ceann Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig an nGuáin (nó an ceann atá freagrach as an nGuáin) a bheidh i gceannas ar ionadaíocht an Aontais chuig CFAA agus beidh ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach ar an ionadaíocht sin suas le líon uasta 10 n-ionadaí ar a mhéad.
3. Is é an tAire Acmhainní Nádúrtha a bheidh i gceannas ar ionadaíocht na Guáine chuig CFAA agus beidh sí comhdhéanta den Choimisinéir um Fhoraoisí, oifigigh ón Aireacht Acmhainní Nádúrtha, ón Aireacht Airgeadais, ón Aireacht Trádála, ón Aireacht Saothair, ón Aireacht Gnóthaí Meir-Indiacha, ó aon Aireacht nó aon Ghníomhaireacht Rialtais eile de réir mar is gá, agus ón gCoimisiún Foraoiseachta, suas le líon uasta 10 n-ionadaí ar a mhéad.
4. Tabharfaidh gach Páirtí fógra i scríbhinn don Rúnaíocht (dá dtagraítear in Airteagal 7) faoi ainmneacha, sonraí teagmhála agus feidhmeanna a n-ionadaithe do CFAA. Measfar go mbeidh an t-údarú ag na hionadaithe ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Pháirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí sin fógra don Rúnaíocht faoi ionadaí nua.

### *Airteagal 2*

### Cathaoirleacht

Beidh CFAA faoi chomhchathaoirleacht an Aire Acmhainní Nádúrtha thar ceann na Guáine agus Cheann Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig an nGuáin (nó an ceann atá freagrach as an nGuáin) thar ceann an Aontais. Féadfaidh na Cathaoirligh socrú a dhéanamh go ndéanfaidh na hainmnithe faoi seach ionadaíocht thar a gceann. Feidhmeoidh an t-ainmní cearta uile an Chathaoirligh sin.

### *Airteagal 3*

### Breathnóirí páirtithe leasmhara

1. Tabharfar cuireadh do pháirtithe leasmhara náisiúnta sa Ghuáin ón tsochaí shibhialta, ó ENRanna áitiúla agus idirnáisiúnta, ón earnáil phríobháideach agus ó phobail dúchais freastal mar bhreathnóirí ar chruinnithe CFAA agus an Choiste Theicniúil de CFAA, dá ngairtear 'breathnóirí páirtithe leasmhara' anseo feasta, cé is moite d'aon seisiún a mheasann na Cathaoirligh a bheith coimeádta d'ionadaithe na bPáirtithe amháin.
2. Iarrfaidh an Rúnaíocht ar eagraíochtaí páirtithe leasmhara náisiúnta ábhartha ón tsochaí shibhialta, ó ENRanna áitiúla agus idirnáisiúnta, ón earnáil phríobháideach agus ó phobail dúchais a mbreathnóirí agus a gcomhaltaí malartacha a ainmniú/a thoghadh i gcomhréir lena nósanna imeachta féin faoi seach chuig CFAA agus chuig Coiste Teicniúil de CFAA ar feadh thréimhse 2 bhliain, mar a leanas:
   - An tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) atá gníomhach i réimse na n-ábhar a bhaineann le foraoisí nó leis an gcomhshaol: beirt (2) bhreathnóirí.
   - Eagraíochtaí pobal dúchais: beirt (2) bhreathnóirí.
   - Earnáil príobháideach: beirt (2) bhreathnóirí.
3. Tabharfaidh na heagraíochtaí páirtithe leasmhara fógra i scríbhinn don Rúnaíocht faoi ainmneacha, eagraíocht agus sonraí teagmhála a mbreathnóirí ainmnithe/tofa, chomh maith lena gcomhaltaí malartacha. Roinnfidh na páirtithe leasmhara próiseas roghnúcháin na mbreathnóirí leis an Rúnaíocht freisin.
4. Féadfaidh breathnóirí páirtithe leasmhara doiciméid maidir le míreanna sonracha ar an gclár oibre a chur faoi bhráid na Rúnaíochta tráth nach déanaí ná 7 lá féilire roimh chruinniú CFAA. Má dhearbhaíonn an Rúnaíocht ábharthacht agus breisluach na ndoiciméad a cuireadh isteach, marcálfaidh sí iad 'Le haghaidh faisnéise' agus scaipfidh sí ar ionadaithe na bPáirtithe iad.
5. Ní bheidh cearta vótála ná aon ról cinnteoireachta ag breathnóirí i ndáil leis na cinntí agus leis an moladh atá le glacadh ag CFAA nó ag ceann dá chomhlachtaí.

## *Airteagal 4*

## Coiste Teicniúil de CFAA

1. Tabharfaidh Coiste a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe na bPáirtithe ar an leibhéal oifigiúil, dá ngairtear 'Coiste Teicniúil de CFA' anseo feasta, cúnamh do CFAA a dhualgais a dhéanamh.
2. Ullmhóidh Coiste Teicniúil de CFA, dá ngairtear 'an Coiste Teicniúil' anseo feasta, cruinnithe agus plé CFA, cuirfidh sé cinntí CFAA chun feidhme i gcás inarb iomchuí agus, go ginearálta, áiritheoidh sé leanúnachas CFAA agus feidhmiú cuí an Chomhaontaithe. Measfaidh sé aon

ábhar a chuirfidh CFAA faoina bhráid chomh maith le haon ábhar eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn chur chun feidhme an Chomhaontaithe ó lá go lá.

3. Is é Ceann Comhair Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig an nGuáin (nó an ceann atá freagrach as an nGuáin) agus an Coimisinéir um Fhoraoisí nó a n-ainmnithe a dhéanfaidh comhchathaoirleacht ar an gCoiste Teicniúil.
4. Beidh ionadaithe an Aontais ar an gCoiste Teicniúil ina n-oifigigh ó Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig an nGuáin agus chuig an gCoimisiún Eorpach.
5. Is oifigigh ó na tíortha seo a leanas a bheidh ina n-ionadaithe de chuid na Guáine ar an gCoiste Teicniúil:
   - An Aireacht Acmhainní Nádúrtha
   - An Aireacht Airgeadais
   - Coimisiún Foraoiseachta na Guáine
   - Nó aon Aireacht nó aon Ghníomhaireacht eile atá ábhartha chun an Comhaontú a chur chun feidhme
6. Tiocfaidh an Coiste Teicniúil le chéile go rialta agus roimh gach cruinniú CFAA ar a laghad.
7. I gcás ina dtagann an Coiste Teicniúil le chéile go neamhspleách ar chruinniú CFAA, tarraingeoidh an tÉascaitheoir miontuairiscí comhpháirteacha suas ina ndéanfar achoimre ar an bplé agus síneoidh na Cathaoirligh iad. Roinnfidh an Rúnaíocht iad sin le Cathaoirligh CFAA.
8. Tabharfaidh Rúnaíocht CFAA tacaíocht riaracháin don Choiste Teicniúil.
9. Cuirfidh an Coiste Teicniúil na Rialacha Nósanna Imeachta atá ann faoi láthair i bhfeidhm *mutatis mutandis*
10. Níl aon chumhacht chinnteoireachta ag an gCoiste Teicniúil, ach féadfaidh sé a mholtaí a chur faoi bhráid CFAA.

***Airteagal 5***

**Fochoistí maidir le CFAA**

1. De réir Airteagal 3.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gComhaontú, féadfaidh na Páirtithe fochoistí de CFAA a bhunú, de réir mar is iomchuí, chun déileáil le réimsí sonracha a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe. Cinnfidh CFAA cuspóir, comhdhéanamh, fad, cúraimí agus modhanna oibre na bhfochoistí sin. Ceapfaidh na Páirtithe a n-ionadaithe ar na fochoistí agus cuirfidh siad an Rúnaíocht ar an eolas. Cuirfear gach comhfhreagras,

doiciméad agus teachtaireacht ábhartha idir pointí teagmhála gach fochoiste ar aghaidh chuig an Rúnaíocht freisin.

2. Ag gach cruinniú rialta, gheobhaidh CFAA tuarascálacha ó gach fochoiste maidir lena ghníomhaíochtaí agus lena dhul chun cinn, lena n-áirítear moltaí do CFAA lena n-athbhreithniú agus le haghaidh gníomhaíocht iomchuí.
3. Mura gcomhaontóidh CFAA a mhalairt, cuirfidh na fochoistí na Rialacha Nósanna Imeachta atá ann faoi láthair i bhfeidhm *mutatis mutandis.*
4. Níl aon chumhacht chinnteoireachta ag na fochoistí, ach féadfaidh siad moltaí a chur faoi bhráid CFAA.

### *Airteagal 6*

### Saineolaithe agus eintitis cur chun feidhme

1. Féadfaidh na Cathaoirligh cuireadh a thabhairt do shaineolaithe freastal ar chruinnithe an Choiste Theicniúil agus/nó CFAA chomh maith le cruinnithe na bhfochoistí ar bhonn ad *hoc* chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhair shonracha, agus ní bheidís i láthair ach nuair a phléifear na hábhair shonracha sin.
2. Féadfaidh na Cathaoirligh a chomhaontú cuireadh a thabhairt d'eintitis atá rannpháirteach i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe ('eintitis cur chun feidhme'), freastal ar chruinnithe an Choiste Theicniúil de CFAA agus/nó ar chruinnithe CFAA chomh maith le fochoistí nó codanna díobh de réir mar is iomchuí ar bhonn *ad* hoc chun faisnéis agus an t-eolas is nuaí a sholáthar, chomh maith le treoraíocht agus comhairle a fháil maidir lena ngníomhaíochtaí agus maidir lena rannchuidiú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus lena chuspóirí a bhaint amach.

### *Airteagal 7*

### An Rúnaíocht

1. Gníomhóidh oifigeach de chuid Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig an nGuáin agus oifigeach de chuid Choimisiún Foraoiseachta na Guáine go comhpháirteach mar Rúnaíocht CFAA ('an Rúnaíocht'). Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi ainm, feidhm/post agus sonraí teagmhála an oifigigh atá ina chomhalta den Rúnaíocht. Measfar an t-oifigeach a bheith fós ina chomhalta de Rúnaíocht an Pháirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi chomhalta nua.
2. Tabharfaidh an Rúnaíocht tacaíocht riaracháin do CFAA agus don Choiste Teicniúil, chomh maith le haon fhochoiste arna bhunú ag CFAA.

3. Tabharfaidh an tÉascaitheoir dá dtagraítear in Airteagal 8 cúnamh don Rúnaíocht a cúraimí a dhéanamh.

## *Airteagal 8*

## Éascú

1. Fostóidh CFAA seirbhísí duine a bheidh neamhspleách agus neamhchlaonta, chun na hidirghníomhaíochtaí, an t-idirphlé agus an plé idir na Páirtithe agus idir na Páirtithe agus na páirtithe leasmhara a éascú i ndáil le cur chun feidhme an Chomhaontaithe, dá ngairtear 'Éascaitheoir' anseo feasta.

2. Beidh na cúraimí seo a leanas ar an Éascaitheoir:

- tacaíocht a thabhairt maidir leis na hábhair uile a bhaineann le heagrú chruinnithe CFAA, an Choiste Theicniúil, na bhfochoistí, lena n-áirítear ar an gclár oibre, cuirí, lóistíocht agus aon ábhar eile a iarrfaidh an Rúnaíocht.

- an plé le linn chruinnithe CFAA a éascú, coimeádann an Coiste Teicniúil, na fochoistí nótaí ar an bplé agus an dréachtpháipéar leathoifigiúil/na Miontuairiscí Comhpháirteacha nó achoimre ar an bplé a sholáthar de réir mar is ábhartha.

- Na páirtithe leasmhara ábhartha uile a shainaithint i gcomhar leis na Páirtithe agus tacú, de réir mar is gá, leis na próisis chun na hionadaithe a ainmniú/a thoghadh mar bhreathnóirí páirtithe leasmhara.

- Cúnamh a thabhairt maidir le hullmhú na Tuarascála Bliantúla ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Saorálaí.

- Aon saincheist a bhaineann le cur chun feidhme an Chreata Chomhpháirtigh Cur Chun Feidhme agus/nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Saorálaí i gcoitinne a shainaithint agus a thuairisciú don Rúnaíocht.

- Tacaíocht arna iarraidh sin maidir le saincheisteanna a bhaineann le cistiú, maoiniú agus comhordú deontóirí.

- Aon saincheist i ndáil le sineirgí le tionscnaimh ábhartha eile a shainaithint agus a thuairisciú don Rúnaíocht, lena n-áirítear an Chomhpháirtíocht Foraoise idir an Ghuáin agus an tAontas agus REDD+ ach gan a bheith teoranta di.

- Freagairt ar aon iarraidh ón Rúnaíocht agus/nó ó Chathaoirligh CFAA, an Choiste Theicniúil agus na bhfochoistí.

*3.* Feidhmeoidh an tÉascaitheoir faoi threoraíocht agus faoi mhaoirseacht na Rúnaíochta a bheidh ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an Éascaitheora i gcónaí.

***Airteagal 9***

**Doiciméid**

I gcás ina mbeidh plé CFAA agus/nó an Choiste Theicniúil bunaithe ar dhoiciméid tacaíochta i scríbhinn, déanfaidh an Rúnaíocht na doiciméid sin a uimhriú agus a scaipeadh mar dhoiciméid de chuid CFAA agus déanfar tagairt dóibh sa Pháipéar leathoifigiúil agus/nó sna Miontuairiscí Comhpháirteacha.

***Airteagal 10***

**Comhfhreagras**

1. Is iad Ceann Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig an nGuáin (nó an ceann atá freagrach as an nGuáin) agus an tAire atá freagrach as Airgeadas (le haghaidh na Guáine) mar a leagtar amach in Airteagal 22(1) den Chomhaontú, a bheidh ina n-ionadaithe ar na Páirtithe atá freagrach as teachtaireachtaí oifigiúla a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe

2. Díreofar gach comhfhreagras le CFAA chuig an Rúnaíocht. Cuirfidh an Rúnaíocht eolas ar fáil faoin mbealach ar féidir aighneachtaí a dhéanamh, mar shampla, trí chomhfhreagras i scríbhinn, ríomhphost, eile.

3. Áiritheoidh an Rúnaíocht go ndéanfar comhfhreagras a dhírítear chuig CFAA a chur ar aghaidh chuig na Cathaoirligh agus, i gcás inarb iomchuí, a scaipeadh mar dhoiciméid dá dtagraítear in Airteagal 9 ar ionadaithe na bPáirtithe. Seolfaidh an Rúnaíocht comhfhreagras ó cheachtar den Chathaoirleach chuig na faighteoirí agus déantar iad a uimhriú agus a scaipeadh, i gcás inarb iomchuí, ar an bPáirtí eile.

4. Cuirfidh ceachtar Páirtí na doiciméid ábhartha uile chuig an Rúnaíocht ar a laghad tráth nach déanaí ná 14 lá féilire roimh an gcéad chruinniú eile de CFAA.

***Airteagal 11***

**Cruinnithe**

1. Tiocfaidh CFAA le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad, mar a fhoráiltear in Airteagal 20(4) den Chomhaontú, nó arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí.
2. Mar eisceacht agus má chomhaontaíonn na Páirtithe, féadfar cruinnithe CFAA, an Choiste Theicniúil agus na bhfochoistí a thionól go fíorúil/trí fhíschomhdháil.
3. Reáchtálfaidh an Rúnaíocht gach cruinniú de CFAA ar dháta agus in áit a chomhaontóidh na Páirtithe. Is í an Rúnaíocht a chuirfidh amach an fógra maidir le tionól an chruinnithe d'ionadaithe na bPáirtithe tráth nach déanaí ná 28 lá féilire roimh thús an chruinnithe, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.
4. Cuirfidh na Páirtithe Rúnaíocht CFAA ar an eolas faoi chomhdhéanamh beartaithe na dtoscaireachtaí a bheidh ag freastal ar an gcruinniú tráth nach déanaí ná 14 lá féilire roimh thús an chruinnithe.

### *Airteagal 12*

### An clár oibre do na Cruinnithe

1. Déanfaidh an Rúnaíocht clár oibre sealadach a tharraingt suas le haghaidh gach cruinnithe ar bhonn tograí a dhéanfaidh na Páirtithe. Cuirfear ar aghaidh é, in éineacht leis na doiciméid ábhartha, chuig na Cathaoirligh tráth nach déanaí ná 21 lá roimh thús an chruinnithe.
2. Ní mór don Rúnaíocht nithe breise nó athruithe ar an gclár oibre sealadach a fháil tráth nach déanaí ná 14 lá féilire roimh thús an chruinnithe ar choinníoll go bhfaighidh an Rúnaíocht na doiciméid tacaíochta ábhartha uile in éineacht leis an iarraidh ar na nithe breise nó ar na hathruithe.
3. Glacfaidh CFAA an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Féadfar ítimí seachas iad atá ar an gclár oibre sealadach a chur ar an gclár oibre má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh.
4. Féadfaidh an Rúnaíocht, le comhaontú ó Chomhchathaoirligh, na tréimhsí ama a shonraítear i míreanna 1 agus 2 a laghdú chun na riachtanais a bhaineann le cás ar leith a chur san áireamh.

### *Airteagal 13*

### Páipéar leathoifigiúil

1. Déanfaidh an tÉascaitheoir dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú a tharraingt suas.
2. Déanfar achoimre sna miontuairiscí, mar riail ghinearálta, ar gach ítim atá ar an gclár oibre, agus sonrófar an méid seo a leanas iontu, i gcás inarb infheidhme:

    (a) Na doiciméid arna gcur isteach chuig CFAA

(b) Aon ráiteas a chomhaontaigh na Cathaoirligh a chur isteach

(c) Conclúidí maidir le hítimí sonracha ar an gclár oibre. Léirítear sna conclúidí an toradh a bhí ar an bplé maidir le topaic ar leith. Féadfaidh siad, nó ní fhéadfaidh siad, a bheith nasctha le Moltaí.

(d) Moltaí arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 agus

(e) Cinntí arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 14.

3. Cuimseofar sna miontuairiscí freisin liosta de na rannpháirtithe sa chruinniú.

4. Déanfaidh na Cathaoirligh na miontuairiscí a fhormheas agus a shíniú ag deireadh an chruinnithe ('Páipéar leathoifigiúil'). Roinnfidh an Rúnaíocht cóip bhunaidh amháin de na doiciméid bharántúla sin leis na Páirtithe.

5. Eiseoidh Coiste Teicniúil de CFAA, a thionólfaidh go neamhspleách ar CFAA, a mhiontuairiscí féin ina ndéanfar achoimre ar an bplé maidir le gach ítim dá chlár oibre. Déanfar an plé sin a ionchorprú i gcruinnithe ábhartha CFAA.

Cuirfear an Páipéar leathoifigiúil ar fáil don phobal.

### *Airteagal 14*

### Cinntí agus Moltaí

1. Féadfaidh CFAA Cinntí agus/nó Moltaí a ghlacadh i leith na n-ábhar uile dá bhforáiltear amhlaidh leis an gComhaontú. Mar a fhoráiltear in Airteagal 20(2) den Chomhaontú, is de chomhthoil a ghlacfar cinntí agus moltaí.

2. Beidh Cinntí agus/nó Moltaí ina gceangal ar na Páirtithe agus tiocfaidh siad i bhfeidhm tar éis nósanna imeachta inmheánacha gach Páirtí faoi seach a thabhairt chun críche.

3. Sa tréimhse idir cruinnithe, féadfaidh CFAA cinntí nó moltaí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh. Is éard a bheidh sa nós imeachta i scríbhinn malartú nótaí idir na páirtithe. Beidh sé de chumhacht ag na Cathaoirligh nótaí den sórt sin a mhalartú agus an comhaontú maidir le haon chinneadh a dhaingniú, de réir mar is gá. Beidh teorainn ama nach mó ná 21 lá féilire ag an nós imeachta i scríbhinn nach mór don Pháirtí eile aon fhorchoimeádas nó leasú atá aige a chur in iúl lena linn.

   Laistigh de 21 lá tar éis dó an nós imeachta i scríbhinn a fháil, féadfaidh Páirtí a iarraidh i scríbhinn ar an bPáirtí eile go bpléifear an togra sa chéad chruinniú eile de CFAA. Le hiarraidh den sórt sin, cuirtear an nós imeachta i scríbhinn ar fionraí go huathoibríoch.

Maidir le togra nach raibh aon fhorchoimeádas ann ina leith laistigh den teorainn ama a leagtar síos le haghaidh nós imeachta i scríbhinn, measfar é a bheith glactha ag CFAA.

Déanfar na tograí arna nglacadh a thaifeadadh i bPáipéar leathoifigiúil an chéad chruinnithe eile de CFAA.

4. Beidh an teideal 'Cinneadh' nó 'Moladh' faoi seach ar chinntí nó ar mholtaí, agus beidh sraithuimhir, dáta a nglactha agus tuairisc ar a n-ábhar i ndiaidh na dteideal sin. Déanfar foráil i ngach cinneadh maidir le dáta a theacht i bhfeidhm.
5. Déanfar cinntí agus moltaí arna nglacadh ag CFAA a fhíordheimhniú trí chóip bharántúil arna síniú ag Cathaoirligh CFAA a chur ar fáil do gach Páirtí.

### *Airteagal 15*

### Teangacha

1. Béarla a bheidh i dteanga oifigiúil CFAA.
2. Mura gcinnfear a mhalairt, bunóidh CFAA a phlé ar dhoiciméadacht agus ar thograí a ullmhófar i mBéarla.

### *Airteagal 16*

### Poiblíocht agus Rúndacht

1. Mura gcinnfear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe CFAA ina gcruinnithe poiblí.
2. Nuair a chuireann Páirtí faisnéis a mheastar a bheith rúnda faoina dhlíthe agus faoina rialacháin faoi bhráid CFAA, an Choiste Theicniúil agus na bhfochoistí, déileálfaidh na Páirtithe leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda.
3. Féadfaidh gach Páirtí cinneadh a dhéanamh maidir le cinntí agus moltaí CFAA a fhoilsiú ina fhoilseachán oifigiúil faoi seach.

### *Airteagal 17*

### Costais

1. Íocfaidh gach Páirtí as aon chostas a thabhóidh sé mar thoradh ar a bheith rannpháirteach i gcruinnithe CFAA, an Choiste Theicniúil, agus na bhfochoistí maidir le costais foirne, taistil agus chothaithe, agus maidir le costais phoist agus teileachumarsáide.

**2.** Féachfaidh na Páirtithe leis na costais a bhaineann le heagrú cruinnithe agus atáirgeadh doiciméad a roinnt go cothrom. Tionólfar plé *ad hoc* idir na Páirtithe i ndáil leis sin.

***Airteagal 18***

**Misin Allamuigh**

Má iarrann ceachtar Páirtí misean allamuigh a bhaineann leis an gComhaontú a dhéanamh, comhaontóidh an dá pháirtí Téarmaí Tagartha agus uainiú an mhisin.

***Airteagal 19***

**Idirghábháil**

1. Féadfaidh Páirtí iarraidh, i scríbhinn agus tráth ar bith, go rachaidh na Páirtithe i mbun imeacht idirghabhála. Ní mór an iarraidh a bheith mionsonraithe go leordhóthanach chun an tsaincheist atá idir lámha agus ábhair imní an Pháirtí is déantóir gearáin a chur i láthair go soiléir. I gcás ina n-iarrann Páirtí idirghabhái l de bhun mhír 1, measfaidh an Páirtí eile an iarraidh agus tabharfaidh sé freagra i scríbhinn laistigh de 7 lá féilire ón iarraidh. Ina éagmais sin, measfar an iarraidh ar idirghabháil a bheith diúltaithe.

2. I gcás ina gcomhaontaíonn na Páirtithe dul ar iontaoibh idirghabhála de bhun Airteagal 25(4) den Chomhaontú, déanfaidh na Páirtithe idirghabhálaí a roghnú go comhpháirteach ag tús an imeachta idirghabhála, agus tráth nach déanaí ná 14 lá féilire tar éis an freagra ar an iarraidh idirghabhála a fháil. Mura ndéanfaidh siad amhlaidh, féadfaidh na Páirtithe iarraidh go comhpháirteach ar Ard-Rúnaí na Buanchúirte Eadrána idirghabhálaí a cheapadh laistigh de 7 lá.

3. Ní bheidh idirghabhálaí ina shaoránach de cheachtar Páirtí, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt. Tugann an t-idirghabhálaí cúnamh do na Páirtithe ar bhealach neamhspleách agus neamhchlaonta agus iad ag iarraidh teacht ar réiteach cairdiúil ar a ndíospóid. Beidh prionsabail na hoibiachtúlachta, na cothroime agus an cheartais mar threoraíocht don idirghabhálaí, agus aird á tabhairt, i measc nithe eile, ar chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe agus ar na himthosca a bhaineann leis an díospóid, lena n-áirítear aon chleachtas roimhe seo idir na Páirtithe. Féadfaidh an t-idirghabhálaí na himeachtaí idirghabhála a sheoladh ar bhealach a mheasann sé a bheith iomchuí, agus imthosca an cháis, na mianta a fhéadfaidh na Páirtithe a chur in iúl á gcur san áireamh, lena n-áirítear aon iarraidh ó Pháirtí go n-éistfeadh an t-idirghabhálaí ráitis ó bhéal, agus aon ghá speisialta le réiteach tapa ar an díospóid.

4. Féadfaidh an t- idirghabhálaí cruinnithe a eagrú idir na Páirtithe, dul i gcomhairle leis na Páirtithe ar bhonn comhpháirteach nó aonair, cúnamh a lorg ó shaineolaithe agus páirtithe leasmhara ábhartha, nó dul i gcomhairle leo, agus aon tacaíocht bhreise arna hiarraidh ag na Páirtithe a sholáthar.

5. Tá coinne leis go dtabharfaidh an t-idirghabhálaí a thuairim do na Páirtithe laistigh de 45 lá féilire tar éis a cheaptha. Féadfaidh na Páirtithe glacadh le hiarraidh ar am breise, ar choinníoll go bhfuil údar leordhóthanach leis sin.

6. Agus an tuairim a thug an t-idirghabhálaí á cur san áireamh, féachfaidh na Páirtithe le teacht ar réiteach atá sásúil don dá thaobh laistigh de 30 lá féilire ón bhfógra faoi thuairim an idirghabhálaí. Go dtí go dtiocfar ar chomhaontú críochnaitheach, féadfaidh na Páirtithe réitigh eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas.

7. Féadfaidh CFAA an réiteach a ghlacadh. Féadfaidh na Páirtithe cinneadh a dhéanamh an nós imeachta i scríbhinn a chur i bhfeidhm de réir Airteagal 15(3) den Iarscríbhinn reatha seachas CFAA a thionól. Cuirfear réitigh atá sásúil don dá thaobh ar fáil don phobal, mura gcinnfidh na Páirtithe a mhalairt. Mar sin féin, féadfaidh sé nach mbeidh aon fhaisnéis sa leagan a nochtfar don phobal a bheidh aicmithe ag ceachtar Páirtí mar fhaisnéis rúnda.

8. Cuirfidh an t-idirghabhálaí dréacht-tuarascáil fhíorasach faoi bhráid na bPáirtithe i scríbhinn, ina soláthrófar achoimre ghairid ar an tsaincheist atá idir lámha agus aon réiteach atá sásúil don dá thaobh ar thángthas air mar thoradh deiridh an imeachta, lena n-áirítear réitigh eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith ann. Deonóidh an t-idirghabhálaí 15 lá do na Páirtithe chun barúil a thabhairt ar an dréacht-tuarascáil. Tar éis barúlacha na bPáirtithe a cuireadh isteach laistigh den sprioc-am a tugadh a mheas, cuirfidh an t-idirghabhálaí tuarascáil fhíorasach chríochnaitheach faoi bhráid na bPáirtithe i scríbhinn laistigh de 15 lá. Féadfaidh sé nach mbeidh aon léirmhíniú ar an gComhaontú sa tuarascáil fhíorasach.

9. Déanfar an t-imeacht a fhoirceannadh tríd an méid seo a leanas:

   (a) trí ghlacadh réitigh arna chomhaontú go frithpháirteach idir na Páirtithe, ar dháta a ghlactha;

   (b) trí dhearbhú i scríbhinn ón idirghabhálaí, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe, nach mbeadh maith ar bith in iarrachtaí breise idirghabháil a dhéanamh, ar dháta an dearbhaithe sin;

   (c) trí dhearbhú i scríbhinn ó Pháirtí tar éis réitigh a fhiosrú a mheastar go frithpháirteach faoin imeacht idirghabhála agus tar éis tuairim an idirghabhálaí a mheas, ar dháta an dearbhaithe sin. Ní fhéadfar dearbhú den sórt sin a eisiúint sula rachaidh an tréimhse a leagtar amach i mír 7 in éag; nó

(d) ag aon chéim den imeacht trí chomhaontú frithpháirteach na bPáirtithe, ar dháta an chomhaontaithe sin.

10. I gcás inar chomhaontaigh na Páirtithe le réiteach, déanfaidh gach Páirtí na bearta is gá chun é a chur chun feidhme laistigh den teorainn ama a comhaontaíodh. Cuirfidh an Páirtí cur chun feidhme an Páirtí eile ar an eolas i scríbhinn agus laistigh den teorainn ama a comhaontaíodh, faoi aon chéim nó aon bheart a dhéanfar chun an réiteach atá sásúil don dá thaobh a chur chun feidhme.

11. Féachfaidh na Páirtithe leis na costais a bhaineann le himeacht idirghabhála a roinnt go cothrom. Tionólfar plé *ad hoc* idir na Páirtithe i ndáil leis sin.

### *Airteagal 20*

### Leasuithe ar na hIarscríbhinní

1. Más mian le ceann de na Páirtithe forálacha na nIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, tabharfaidh sé fógra do CFAA dá réir sin agus cuirfidh sé a thogra isteach chuige sin.

2. Féadfaidh CFAA iarraidh ar an gCoiste Teicniúil de CFAA an togra a mheas agus a thuairimí agus a mholtaí a chur in iúl. Féadfaidh CFAA fochoiste a bhunú chun tacú leis an gCoiste Teicniúil de CFAA maidir leis an obair sin.

3. Féadfaidh CFA, ar thogra ó Pháirtí amháin agus tuairimí agus moltaí an Choiste Theicniúil de CFAA á gcur san áireamh, cinneadh a ghlacadh lena leasófar na hIarscríbhinní i gcomhréir le hAirteagal 27(3) den Chomhaontú agus le hAirteagal 14 de na Rialacha seo.

### *Airteagal 21*

### Leasú ar na Rialacha Nós Imeachta

Féadfaidh CFAA cinntí a ghlacadh lena leasófar na Rialacha Nós Imeachta seo i gcomhréir le hAirteagal 14 de na Rialacha seo.